Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árann Teoranta

Ionad Colm Ó hIarnáin, Cill Rónáin, Inis Mór, Aran Islands, Co. Galway

The objects of the Society are:-

- To secure the future energy needs of the three Aran Islands by gaining a controlling interest in the local sources of alternative energy production.
- To reduce and gradually remove the dependency of the Aran Islands communities on fossil fuels (oil, gas, coal, including transport) by replacing them with alternative and more sustainable sources of energy.
- To preserve the islands' unique language, heritage and culture by providing sustainable employment and a sustainable environment for people to live in.
- To facilitate the conversion of homes and other buildings on the three islands to be more sustainable in their energy usage.
- To provide low-cost energy to industry so as to create employment on the islands
- To create, provide and encourage employment in projects of sustainable energy
- To facilitate and at least part-own initiatives and projects in research and development into sustainable energy.
- To provide education and training to both residents and non-residents in sustainable living.
- The create on the three Aran Islands an example of best practice In sustainability to the rest of Ireland and to the world.
- To use the three Aran Islands as a platform from which to promote sustainability and environmental protection worldwide.

Comharchumann Fuinnimh Oileáin Árann Teoranta

Ionad Colm Ó hIarnáin, Cill Rónáin, Inis Mór, Aran Islands, Co. Galway

Is iad seo a leanas cuspóirí an Chumainn:-

Na riachtanais fuinnimh a bheidh ag na trí cinn d'Oileáin Árann amach anseo a dhaingniú trí leas rialaithe a fháil sna foinsí áitiúla as a dtáirgfí fuinneamh eile.

Cleithiúnas mhuintir Oileáin Árann ar bhreoslaí iontaise (ola, gás, gual, lena n-áirítear iompar) a laghdú agus a chealú de réir a chéile trí fhoinsí eile agus foinsí fuinnimh níos inbhuanaithe a chur ina n-áit.

Teanga, oidhreacht agus cultúr faoi leith na n-oileán a chaomhnú trí fhostaíocht inbhuanaithe a sholáthar agus comhshaol inbhuanaithe a bheith ann ag daoine le maireachtáil ann.

Cúnamh a thabhairt le tithe agus foirgnimh eile ar na trí oileán a chur in oiriúint ó thaobh fuinnimh de le go mbeadh an úsáid a bhainfí as an bhfuinneamh níos inbhuanaithe.

Fuinneamh ar chostas íseal a sholáthar d'earnáil na tionsclaíochta le go bhféadfaí fostaíocht a chruthú ar na hoileáin

Fostaíocht a chruthú, a sholáthar agus a spreagadh i dtionscadail an fhuinnimh inbhuanaithe

Tionscnaimh agus tionscadail bainteach le taighde agus forbairt i bhfuinneamh inbhuanaithe a éascú agus iad a bheith faoi pháirtúinéireacht an chumainn, ar a laghad.

Teagasc agus oiliúint sa mhaireachtáil inbhuanaithe a chur ar fáil do dhaoine a chónaíonn ar na hoileáin agus do dhaoine nach gcónaíonn orthu.

Sampla den chleachtas is fearr san inbhuanaitheacht a bheith bunaithe ar na trí cinn d'Oileáin Árann agus go mbeadh sé sin ann le feiceáil ag an gcuid eile d'Éirinn agus ag an domhan mór.

Leas a bhaint as Oileáin Árann mar ardán as a gcuirfí an inbhuanaitheacht agus cosaint an chomhshaoil chun cinn ar fud an domhain.